Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**10301/21**

**STAT 21**
**FIN 533**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9761/21 STAT 20 FIN 460 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The European Personnel Selection Office: Time to adapt the selection process to changing recruitment needs* [Tá sé in am ag an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne an próiseas roghnúcháin a chur in oiriúint do riachtanais earcaíochta atá ag athrú]<br>- Conclúidí ón gComhairle (28 Meitheamh 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The European Personnel Selection Office: Time to adapt the selection process to changing recruitment needs* [Tá sé in am ag an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne an próiseas roghnúcháin a chur in oiriúint do riachtanais atá ag athrú], mar a d'fhormheas an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh iad ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Meitheamh 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le**
**Tuarascáil Speisialta 23/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**
***The European Personnel Selection Office: Time to adapt the selection process to changing recruitment needs* [Tá sé in am ag an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne an próiseas roghnúcháin a chur in oiriúint do riachtanais atá ag athrú]**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil Speisialta (dá ngairtear 'an tuarascáil' anseo feasta) ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear CIE anseo feasta) ina ndéantar measúnú ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (dá ngairtear EPSO anseo feasta) buaiteoirí ardcháilithe a mhealladh agus a roghnú agus TACAÍONN SÍ leis na barúlacha agus na moltaí a rinneadh sa tuarascáil chun an próiseas roghnúcháin a neartú;

2. TACAÍONN SÍ le ról ríthábhachtach EPSO chun cur ar chumas institiúidí an Aontais Eorpaigh freastal ar a riachtanais earcaíochta trí líon mór buaiteoirí a roghnú a bhfuil raon leathan scileanna acu chun go mbeidh gairmréim fhada ilchineálach acu; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé fíorthábhachtach go mbíonn státseirbhís an Aontais tarraingteach chun dea-fheidhmiú institiúidí an Aontais a áirithiú;

3. MEABHRAÍTEAR DI go gcaithfear iarrthóirí a roghnú ar bhonn fiúntais agus go ndírítear leis ar sheirbhísí oifigeach a fháil do na hinstitiúidí a bheidh ar an gcaighdeán is airde cumais, éifeachtúlachta agus ionracais, oifigigh a roghnófar ar an mbonn geografach is leithne is féidir as measc náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais;

4. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a ríthábhachtaí atá an trédhearcacht agus an chóir chomhionann in aon nós imeachta roghnúcháin agus ADMHAÍONN SÍ gur ráthóir é EPSO ar an méid sin agus comórtais ghinearálta agus sainchomórtais á reáchtáil aici;

5. MOLANN AN CHOMHAIRLE DO EPSO leanúint dá iarrachtaí chun feabhas a chur ar a mhodhanna oibre agus ar na nósanna imeachta roghnúcháin; CUIREANN SÍ I dTREIS go háirithe an gá atá le creat níos gasta agus níos costéifeachtúla le haghaidh sainchomórtas, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá leanúint den obair atá ar bun aige ar leordhóthanacht na modheolaíochta roghnúcháin a bhaineann le gach comórtas;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an t-athbhreithniú atá beartaithe do 2021 ag EPSO ar na socruithe scrúdúcháin, lena n-áirítear maidir le córas nua teanga a eascraíonn as an gcásdlí le déanaí ón gCúirt Bhreithiúnais;

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur fearr léi nuair a roghnaítear iarrthóirí trí chomórtais oscailte agus ADMHAÍONN SÍ go bhfuil gá le comhoibriú ó gach gníomhaí lena mbaineann chun comórtais oscailte a reáchtáil go rathúil, go háirithe maidir le comhaontú beacht idir na hinstitiúidí iarrthacha agus EPSO maidir le socruithe pleanála;

8. TUGANN SÍ FAOI DEARA go bhfuil an chumarsáid leis na hiarrthóirí agus leis na Ballstáit roimh an bpróiseas roghnúcháin, lena linn agus ina dhiaidh, chomh maith le cumarsáid atá dírithe ar chéimithe nua a mhealladh, fíorthábhachtach agus gur cheart aird a thabhairt uirthi i gcónaí;

9. MOLANN AN CHOMHAIRLE do EPSO na moltaí a leagtar amach sa tuarascáil a chur chun feidhme agus aird ar leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas:
   - cur chun cinn gairmeacha san Aontas a fheabhsú chun líon níos mó céimithe agus iarrthóirí ionchasacha a mhealladh, lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí lasmuigh de na hionaid thraidisiúnta spéise maidir le poist in institiúidí an Aontais;
   - sa chomhthéacs sin, machnamh breise a dhéanamh ar an bhféidearthacht bearta sonracha a dhéanamh, i bhfianaise an dul chun cinn a rinneadh i gcomhréir leis an bplé a rinneadh roimhe seo leis na tíortha fócais;
   - a chumarsáid leis na hiarrthóirí agus leis na Ballstáit a fheabhsú roimh an bpróiseas roghnúcháin, lena linn agus ina dhiaidh, agus urraim á tabhairt don éagsúlacht teanga san Aontas;
   - oiriúnú breise do thimpeallacht earcaíochta atá ag athrú go tapa, agus na forbairtí teicneolaíochta is déanaí maidir le comórtais oscailte a reáchtáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais á gcur san áireamh ag an am céanna;
   - fad na gcomórtas a laghdú i dtreo na sprice arb í suas le 10 mí, mar a leagtar amach i bPlean Forbartha EPSO í, agus faireachán a dhéanamh ar chostais na gcomórtas;

10. IARRANN SÍ ar institiúidí an Aontais a mholadh dá bhfoireann feidhmiú mar chomhaltaí de bhord roghnúcháin, agus a admháil gur cuid lárnach dá ngairmréim é sin, agus IARRANN SÍ ar EPSO a dhearbhú go gcuirfear an oiliúint is gá ar fáil;

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhú de réir na moltaí a rinne CIE roimhe seo maidir le plean gníomhaíochta a dhréachtú chun daoine ó raon leathan taithí ghairmiúil agus náisiúntachtaí a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil.